2024/1012

27.3.2024

CINNEADH (AE) 2024/1012 ÓN gCOMHAIRLE

an 25 Márta 2024

maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Séiséal i ndáil le rochtain do shoithí iascaireachta na Séiséal ar uiscí Mayotte

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43 i gcomhar le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v), agus Airteagal 218(7), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2023/658 ón gComhairle ([1]) , síníodh an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Séiséal i ndáil le rochtain do shoithí iascaireachta na Séiséal ar uiscí Mayotte ('an Comhaontú') an 10 Márta 2023, faoi réir a thabhairt i gcrích dáta is faide anonn.

(2) Cuireadh an Comhaontú i bhfeidhm ar bhonn sealadach ó dháta a shínithe.

(3) Is é cuspóir an Chomhaontaithe a chur ar chumas an Aontais agus na Séiséal a gcomhpháirtíocht straitéiseach a neartú tuilleadh agus coinníollacha teicniúla agus airgeadais an Chomhaontaithe a ailíniú leis an gComhaontú Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Séiséal ([2]) agus a Phrótacal Cur Chun Feidhme arna shíniú in 2020, chomh maith le rannchuidiú le hiascaireacht fhreagrach in uiscí an Aontais agus beartas iascaigh a fhorbairt in Mayotte.

(4) Ba cheart an Comhaontú a fhormheas.

(5) Le hAirteagal 8 den Chomhaontú, bunaítear Comhchoiste a bheidh freagrach as faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Chomhaontaithe. Thairis sin, de bhun an Chomhaontaithe, féadfaidh an Comhchoiste leasuithe áirithe air a fhormheas. Ba cheart don Chomhairle seasamh an Aontais maidir le leasuithe atá beartaithe ar an gComhaontú a bhunú. Ba cheart don Choimisiún na leasuithe atá beartaithe a fhormheas thar ceann an Aontais ach amháin i gcás ina ndéanann roinnt Ballstát, arb ionann a líon agus mionlach blocála, i gcomhréir le hAirteagal 16(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, agóid ina n-aghaidh.

(6) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42 de Rialachán (AE) 2018/1725 ([3]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus thug an Maoirseoir tuairim faoi an 12 Nollaig 2022.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, déantar an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Séiséal i ndáil le rochtain do shoithí iascaireachta na Séiséal ar uiscí Mayotte ('an Comhaontú') a fhormheas thar ceann an Aontais.

([1]) Cinneadh (AE) 2023/658 ón gComhairle an 23 Eanáir 2023 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Séiséal i ndáil le rochtain do shoithí iascaireachta na Séiséal ar uiscí Mayotte (IO L 83, 22.3.2023, lch. 7.).

([2]) IO L 60, 28.2.2020, lch. 5.

([3]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

Airteagal 2

Tabharfaidh Uachtarán na Comhairle, thar ceann an Aontais, an fógra dá bhforáiltear in Airteagal 20 den Chomhaontú.

Airteagal 3

I gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, údaraítear don Choimisiún leis seo, thar ceann an Aontais, leasuithe ar an gComhaontú arna nglacadh ag an gComhchoiste arna bhunú faoi Airteagal 8 den Chomhaontú a fhormheas.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 25 Márta 2024.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
A. MARON

IARSCRÍBHINN

AN NÓS IMEACHTA MAIDIR LE FORMHEAS A DHÉANAMH AR LEASUITHE AR AN gCOMHAONTÚ ATÁ LE GLACADH AG AN gCOMHCHOISTE

I gcás, i gcomhréir le hAirteagail 8 agus 9 den Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Séiséal i ndáil le rochtain do shoithí iascaireachta na Séiséal ar uiscí Mayotte, ina n-iarrfar ar an gComhchoiste leasuithe ar an gComhaontú a ghlacadh, údarófar don Choimisiún na leasuithe atá beartaithe a fhormheas thar ceann an Aontais, faoi na coinníollacha seo a leanas:

(1) Maidir leis an bhformheas a dhéanfar thar ceann an Aontais, áiritheoidh an Coimisiún:

(a) go mbeidh sé i gcomhréir le cuspóirí an chomhbheartais iascaigh;

(b) go mbeidh sé comhsheasmhach leis na rialacha ábhartha a ghlac eagraíochtaí réigiúnacha bainistíochta iascaigh agus go gcuirfear san áireamh ann comhbhainistíocht a dhéanann Stáit chósta;

(c) go gcuirfear san áireamh ann an fhaisnéis staidrimh, an fhaisnéis bhitheolaíoch agus an fhaisnéis ábhartha eile is déanaí a cuireadh chuig an gCoimisiún.

(2) Sula ndéanfaidh sé na leasuithe atá beartaithe a fhormheas thar ceann an Aontais, cuirfidh an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle iad in am thrátha roimh chruinniú ábhartha an Chomhchoiste.

(3) Déanfaidh an Chomhairle measúnú ar chomhlíonadh na na gcoinníollacha a leagtar amach i bpointe (1) den Iarscríbhinn seo leis na leasuithe atá beartaithe.

(4) Déanfaidh an Coimisiún na leasuithe atá beartaithe a fhormheas thar ceann an Aontais, mura ndéanfaidh líon áirithe Ballstát agóid i gcoinne na leasuithe atá beartaithe, líon is comhionann le mionlach blocála na Comhairle i gcomhréir le hAirteagal 16(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach. Mar sin féin, i gcás ina bhfuil mionlach blocála den sórt sin ann, déanfaidh an Coimisiún na leasuithe atá beartaithe a dhiúltú thar ceann an Aontais.

(5) Más rud é, le linn cruinnithe den Chomhchoiste a thionólfar ina dhiaidh sin, lena n-áirítear cruinnithe ar an láthair, nach féidir teacht ar chomhaontú maidir leis na leasuithe beartaithe, déanfar an t-ábhar a tharchur ar ais chuig an gComhairle, i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach i bpointí (2), (3) agus (4), chun go gcuirfear tosca nua san áireamh i seasamh an Aontais.

(6) Iarrtar ar an gCoimisiún aon bheart is gá a dhéanamh, in am trátha, chun obair leantach a dhéanamh ar chinneadh an Chomhchoiste maidir leis na leasuithe beartaithe, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, an cinneadh ábhartha a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus aon togra is gá le haghaidh chur chun feidhme an chinnidh sin a thíolacadh.

(7) A mhéid a bhaineann le ceisteanna eile nach mbaineann le leasuithe ar an gComhaontú i gcomhréir le hAirteagail 8 agus 9 de, déanfar an seasamh atá le glacadh ag an Aontas sa Chomhchoiste a chinneadh i gcomhréir leis na Conarthaí agus le cleachtais oibre sheanbhunaithe.